

Miontuairiscí

Cruinniú Thoscaireacht Aosdána

2.00 pm – 4.00 pm, Dé hAoine, 15 Márta 2019 ag an gComhairle Ealaíon, 70 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2

I láthair

Michael Holohan (Cathaoirleach); Cathy Carman; Anne Haverty; Thomas McCarthy; Geraldine O'Reilly; Samuel Walsh; Bob Quinn; Eamon Colman

Ag an gcruinniú

Karen Hennessy (Cláraitheoir Aosdána)

Leithscéal ó

Vincent Woods, Rhona Clarke

Miontuairiscí ón gcruinniú deiridh agus nithe a tháinig chun cinn

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a reáchtáladh ar an 7 Feabhra 2019.

Fógairt an tSaoi

Fógrófar Roger Doyle mar an chéad duine eile a toghadh le bheith ina Shaoi ag an Tionól Ginearálta. Tá an Chomhairle Ealaíon ag fanacht le cloisteáil ó oifig an Uachtaráin le deimhniú cathain a bhronnfaidh an tUachtarán an Torc ar an Saoi nua. Eiseoidh an Chomhairle Ealaíon preaseisiúint a luaithe is a dheimhnítear an dáta, eagróidh sí poiblíocht agus déanfar fógairt phoiblí ionas go ndéanfar tuairisciú forleathan ar an ócáid.

An Tionól Ginearálta, Corcaigh, Aibreán 2019 – An tEolas is Déanaí

Cuirfear *The Great Book of Ireland* i láthair ag an Tionól Ginearálta. Is iontach an rud é don Tionól go reáchtálfar in UCC é. Pléadh an clár oibre son Tionól Ginearálta. Déanfaidh an Cláraitheoir cur i láthair ar an taighde staidrimh a rinneadh go dtí seo. Bogadh an cur i láthair sin chuig an seisiún poiblí a bheidh ar siúl san iarnóin. Déanfaidh an Chathaoirleach cur i láthair ar Bhunú Aosdána agus seachadfaidh sé tuairisc na Toscaireachta ar maidin le linn an tseisiúin phríobháidigh.

Pléadh na Buan-Orduithe uile a cuireadh isteach agus iarradh go rachfaí i dteagmháil le beirt bhall a chuir Buan-Orduithe isteach le soiléiriú a fháil orthu.

Dámhachtain Anthony Cronin

Measadh gur smaoineamh maith é go bhfógródh Anne Haverty buaiteoir an Ghradaim seo. Casfaidh an painéal Sparánachta le chéile ar an 25 Márta. Tá na hiarratais láidir.

Torthaí na Ballóide Disciplín

Fuarthas thart ar 50% de bhallóidí ar ais. Ní mór a mheabhrú do na comhaltaí go bhfuil an ceart acu le vóta a chaitheamh agus gur chóir an vóta sin a chaitheamh. Pléadh líon beag na gcóiréagrafaithe agus áitíodh go bhfuil sé tábhachtach iarracht a dhéanamh na disciplíní a mhéadú. Bhí comhrá ann ansin ar an gcnuasach saothair a chaithfidh a bheith ag comhalta Aosdána agus go gcaithfear a shoiléiriú go dteastaíonn cnuasach saothair agus go dtoghfear daoine a bhfuil ardmheas orthu amháin.

Suíomh Gréasáin

Táthar ag súil go mbeidh an suíomh gréasáin beo don Tionól Ginearálta. Táthar i mbun oibre ar an leagan Gaeilge den suíomh gréasáin faoi láthair agus cuirfear aon obair eile i gcrích faoin am sin chomh maith.

Caidreamh leis an Roinn Cultúir, leis an gclár Éire Ildánach agus le Cultúr Éireann

Tugadh le fios gur cheap an Roinn Cultúir cúigear Ambasadóirí Idirnáisiúnta. Dúradh go bhfuil comhaltaí Aosdána idirnáisiúnta iad féin agus go mbítear ag caint fúthu go hidirnáisiúnta go minic. Is iad Martin Hayes, Shelley McNamara agus Yvonne Farrell ó Grafton Architects, Ruth Negga agus Paul Muldoon na cúigear ambasadóirí. Tugadh le fios go bhfuil triúr de na hAmbasadóirí ina gcomhaltaí d'Aosdána.

Pléadh Éire Ildánach agus tugadh le fios go dtiocfaidh deireadh leis an gclár in 2022. Pléadh Cultúr Éireann agus tugadh le fios go raibh clár oibre sonracha aige, i dtaobh Éire Dhomhanda 2025 go háirithe.

Tuairisc ar an Acadamh Ríoga Ibeirneach agus ar Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath

Labhair an Cathaoirleach faoin mbealach ar bunaíodh an tAcadamh Ríoga Ibeirneach agus Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath. Bunaíodh an tAcadamh Ríoga Ibeirneach sa bhliain 1785 agus bronnadh Cairt Ríoga air sa bhliain 1786. Bhunaigh Éamon de Valera Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath faoin ainm Institiúid Ard-Léinn Ealaíon sa bhliain 1940. Tá na hinstiúidí seo éagsúil ó Aosdána mar ní chuireann siad maoiniú ar fáil dá mbaill faoi mar a dhéantar leis an gCnuas. Pléadh L'Académie Française, ar bunaíodh é sa bhliain 1635 agus nach bhfuil ach 40 comhalta nó suíochán aige.

Comhlacht comhchosúil do Thaibheoirí

Pléadh comhlacht atá cosúil le hAosdána a bhunú do thaibheoirí. Síleadh gur smaoineamh maith é agus gur cheart d'Aosdána tacú leis. Ní bheadh ciall le gach duine a chur in aon ghrúpa amháin mar go mbíonn riachtanais éagsúla ag taibheoirí. Cuireann siad an obair i láthair. Ní bhíonn an obair ann nuair atá an taibhiú sin thart. D'fhéadfadh Aosdána cleamhnas a bhunú le grúpa den chineál sin agus thabharfadh sé tacaíocht phoiblí do mheitheal ealaíontóirí mar sin. Reáchtáladh vóta tionóil ar chomhlacht mar sin roimhe seo. Cuireadh in iúl go bhféadfadh gach comhalta d'Aosdána ealaíontóir ar bith a ainmniú agus go bhféadfaí taibheoirí a ainmniú. Bheadh an rogha ag na comhaltaí ansin, chaithfidís vóta agus dhéanfaidís breithniú ar an ainmniúchán. Síleadh go bhféadfadh an Rialtas cuidiú le

taibheoirí ach an díolúine cánach le haghaidh ealaíontóirí a leathnú agus an scéim oibre a chuir Regina Doherty i bhfeidhm a shíneadh, is é sin an scéim phíolótach díolúine do chuardaitheoirí poist ar fógraíodh é ar an 12 Meitheamh 2017. Pléadh coincheap an phá maireachtála. Luadh gur cheart go mbeadh pá maireachtála i bhfeidhm do gach duine agus nár chóir é a chur i bhfeidhm d'ealaíontóirí amháin.

Cáipéis maidir leis an Athbhreithniú ar Chaiteachas

Tugadh le fios go bhfuil sé seo le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir. Tugadh le fios gur cáipéis Rialtais í, agus gur chuir aonad measúnaithe na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta í i dtoll a chéile.

Grúpa Oibre

Tugadh le fios go n-athrófar baill an ghrúpa oibre. Thug an Toscaireacht le fios gur fhreastail Sheila Pratscke ar a cruinniú deiridh de chuid an ghrúpa oibre ar an 21 Eanáir 2019, agus guíodh gach rath ar a hobair amach anseo.

Aon Ghnó Eile

Seisiún Príobháideach

Seisiún do na Toscairí.